

## ARBH EOL DUIT?

D'aithin an Pápa Proinsias cleachtas na hoilithreachta mar 'fiorghné i scaipeadh an chreidimh'.

## AGA LE CHÉILE

**Bígí ag caint**

Maidir leis na trí rud a roghnófa a thabhairt leat ar oilithreacht agus an fáth a gceapann tú go mbeidís tábhachtach. Bí ag caint faoi oilithreachtaí ar chuala tú fúthu nó a rinne tú. Labhair le do pháiste faoi na scéalta a bhaineann le Lourdes agus Cnoc Mhuire. Má tá suíomh oilithreachta in aice leat, b'fhéidir gur mhaith leat cuairt a thabhairt air le do pháiste.

**Cuireadh chun guí**

Léig le chéile an *Phaidir do Mhuire Chnoc Mhuire*.

**Bí i d'oilithreach**

Bí ag smaoineamh ar na daoine go léir ar fud an domhain atá ag taisteal ar thuras nó ag dul ar oilithreacht i láthair na huaire. Iarr ar a n-aingeal coimhdeachta iad a threorú agus iad a chosaint.

**AN TSEACHTAIN SEO**

An tseachtain seo d'fhoghlaim na páistí faoi oilithreachtaí agus an fáth a dtéann daoine ar oilithreacht. D'fhoghlaim siad freisin faoin suíomh oilithreachta i gCnoc Mhuire. D'éist siad le scéal an taispeánta i gCnoc Mhuire faoi mar a insítear é sa leabhar *An Triúr Cuairteoirí*.

Léig na fíricí seo faoi Chnoc Mhuire, le chéile:

**Fíricí faoi Chnoc Mhuire**

- Tá Cnoc Mhuire suite i gContae Mhaigh Eo agus aithnítear é go hidirnáisiúnta mar Scrín do Mhuire.
- Tharla an taispeánadh i gCnoc Mhuire ar an 21 Lúnasa 1879.
- Bhí Muire, Naomh Iósaef agus Naomh Eoin, an Soiscéalaí, agus uan a léirigh Íosa, Uan Dé, le feiceáil ag séipéal an pharóiste i gCnoc Mhuire.
- Bhí cúig fhinné dhéag i láthair ag an taispeánadh seo.
- Thug an Pápa Eoin Pól II cuairt ar an scrín in 1979.
- Tosaíonn nóibhéine gach bliain i gCnoc Mhuire ar an 15 Lúnasa.

**Paidir do Mhuire Chnoc Mhuire** (oiriúnaithe)

A Mhuire Chnoc Mhuire, thug tú dóchas do do dhaoine. Spreag tú go leor oilithreach guí go muiníneach chuig do Mhac diaga, a dúirt, 'Iarraigí agus tabharfar daoibh, lorgaigí agus gheobhaidh sibh.' Cabhraigh liom a thuiscint nach bhfuil ionainn ach oilithrigh ar an mbóthar go neamh. Líon mé le grá agus le cúram do gach duine, ach go háirithe dóibh siúd a chónaíonn liom. Tabhair sólas dom nuair a bhím tinn, uaigneach nó brónach. Cabhraigh liom páirt urramach a ghlacadh san Aifreann Naofa. Áiméan.




**A Mhuire Chnoc Mhuire, guigh orainn**

## TÉAMA 10: AN tAIFREANN | CEACHT 1

# Ag an Aifreann éistimid le Briathar Dé

## MAIDIR LE FOCAIL

Úsáidimid go leor focal gach lá. Úsáidimid focail le cumarsáid a dhéanamh lena chéile agus chun ár mothúcháin a chur in iúl. Labhraímid focail a chuireann fáilte ó chroí, focail chun spreagadh a thabhairt, focail mholta, focail fheargacha agus focail bhrónacha. Is maith machnamh a dhéanamh ar na focail a úsáidimid agus ar an gcaoi a dtéann siad i bhfeidhm ar dhaoine eile. Is féidir leis na focail a úsáidimid cabhrú le daoine a bheith níos fearr, ach uaireanta is féidir linn daoine eile a ghortú lenár bhfocail. Is féidir linn focail a úsáid freisin chun cumarsáid a dhéanamh le Dia nuair a ghuímid.



## GNÍOMHAÍOCHT

- Féach ar na pictiúir thuas. Bí ag caint leis an dalta in aice leat – cad a déarfá i ngach cás?

Tá focail Dé le fáil sa Bhíobla. Léitear Briathar Dé os ard ag an Aifreann. Léigh na línte seo a leanas ó Salm 31:

### Urnaí an Duine Dhoilíosáigh

Is chugat, a Thiarna, a thagaim ag lorg tearmainn ...  
Ach is ort atá mo sheasamh, a Thiarna;  
deirim: 'Is tú mo Dhia.'  
Tá m'anam ag brath ort, saor mé ...  
Taispeáin do ghnúis ghrianmhar do do ghiolla;  
tabhair slán mé i do ghrá.

## AN tSEACHTAIN SEO AR SCOIL

Cuireadh chun smaoineamh ar:

- Mar a úsáidimid focail gach lá
- Seiceamh Liotúirge an Bhriathair ag an Aifreann
- Na nithe sa séipéal a bhaineann le Liotúirge an Bhriathair
- An éisteann tú go cúramach le Briathar Dé ag an Aifreann?

## EOCHAIRFHOCAIL

**Ministir an Bhriathair:** an duine a dhéanann Briathar Dé a fhógairt ag an Aifreann.

**Sanctóir:** an chuid den séipéal ina bhfuil an altóir suite.

**Cantaire:** an duine a chanann na sailm agus a threoraíonn canadh an tionóil i rith an Aifrinn.

**Tionól:** na daoine a bhailíonn le chéile ag an Aifreann.

**Leicseanáir:** an leabhar óna léitear na léachtaí ag an Aifreann.

**Léachtán:** an seastán ar a gcuirtear an leicseanáir.



### LE MEABHRÚ

Seo iad na freagraí a úsáidtear le linn Liotúirge an Bhriathair:

*Chun deireadh na léachta a chur in iúl*

**Léitheoir:** Briathar an Tiarna.

**Pobal:** Buíochas le Dia.

*Roimh an Soiscéal a fhógairt*

**Sagart:** Go raibh an Tiarna libh.

**Pobal:** Agus le do spiorad.

**Sagart:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir (A).

**Pobal:** Glóir duit, a Thiarna.

*Ag deireadh an tSoiscéil*

**Sagart:** Soiscéal an Tiarna.

**Pobal:** Moladh duit, a Chríost.

### Sliocht as leabhar Ísáia fáidh (Ísáia 49:15)

[Deir an Tiarna lena mhuintir ...], ‘An ndéanann bean dearmad ar leanbh a cíche, an mbíonn deireadh lena grá do mhac a broinne? Agus dearmad dá ndéanfadh féin, ní dhéanfaidh mise dearmad ortsa go deo!’

Féach ar an bpictiúr thuas agus smaoinigh ar na focail a dúirt Dia lena mhuintir. Samhlaigh Dia ag rá na bhfocal céanna leat.

### GNÍOMHAÍOCHT

- I rith an Aifrinn leanann Liotúirge an Bhriathair leagan amach ar leith:
  - An Chéad Léacht
  - An Salm
  - An Dara Léacht
  - Comhgháir an tSoiscéil
  - An Soiscéal
  - An Homaile
  - An Chré
  - Guí an Phobail
- Aithin sleachta ón mBíobla a bheadh oiriúnach don Chéad Léacht; don Salm; don Dara Léacht agus don Soiscéal, ag an Aifreann. Scríobh do roghanna i do chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach.

**AN TSEACHTAIN SEO**

Scrúdaigh na páistí an méid a tharlaíonn ag an Aifreann le linn Liotúirge an Bhriathair, an chuid den Aifreann a thugann cuireadh dúinn freagra a thabhairt ar Bhriathar Dé. Tosaíonn Liotúirge an Bhriathair leis an gCéad Léacht, agus ansin tagann an Salm, an Dara Léacht agus an Soiscéal. Seasann na daoine agus an Soiscéal á léamh. Seasann Ministir an Bhriathair ag an léachtán agus fógraíonn sé Briathar Dé ón Leicseanár. Suíonn an sagart ar chathaoir an chathaoirligh nuair a bhíonn na léachtaí agus na sailm á léamh. Tugtar an sanctóir ar an gcuid sin den séipéal ina bhfuil an altóir suite, agus ina ndéantar na léachtaí a fhógairt.

**ARBH EOL DUIT?**

Le linn shéasúr na Cásca, tagann an Chéad agus an Dara Léacht, san Aifreann, ón Tiomna Nua.

**AGA LE CHÉILE****Bígí ag caint**

Maidir leis an eachtra is fearr leat sa Bhíobla. Bígí ag caint faoi na carachtair san eachtra sin. Cé hé/hí an carachtar is fearr leat? Cén fáth?

**Cuireadh chun guí**

A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as bronntanas do Bhriathair, a chothaíonn ár mbeatha. Tabhair do ghrásta dúinn do Bhriathar a chloisteáil agus an misneach a bheith againn beart a dhéanamh dá réir. Iarraimid é seo trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

**Bí i d'éisteoir maith**

Bí i d'éisteoir maith, go háirithe ag an Aifreann, ionas go gcloisfidh tú Briathar Dé á léamh.

- Féach an féidir leat na nithe seo a aimsiú sna grianghraif thuas:
  - Sanctóir
  - Cathaoir an Chathaoirligh
  - Léachtán
  - Leicseanár
  - Ministir an Bhriathair
  - Tionól

## AN TSEACHTAIN SEO AR SCOIL

Cuireadh chun smaoinemh ar:

- Buíochas a ghabháil le daoine a bhfuil aithne agat orthu
- A bheith rannpháirteach go gníomhach i Liotúirge na hEocairiste
- Buíochas a ghabháil le hÍosa as a chuid bronntanas uile

## EOCHAIRFHOCAIL

**Cuach abhlann:** soitheach naofa ina gcoimeádtar Corp Chríost.

**Taibearnacal:** an áit ina gcoimeádtar an tSacraimint Bheannaithe.

**Lampa sanctóra:** nuair a bhíonn sé ar lasadh, léiríonn sé go bhfuil Íosa i láthair sa taibearnacal.

**Oistean sóir:** soitheach naofa ina mbíonn an tSacraimint Bheannaithe le feiceáil.




## TÉAMA 10: AN TAIFREANN | CEACHT 2

# Ag an Aifreann cuimhnímid agus gabhaimid buíochas

## MAIDIR LE CUIMHNEAMH, LÁITHREACHT AGUS BUÍOCHAS

Cuimhnímid, agus déanaimid ceiliúradh, ar imeachtaí agus ar ócáidí speisialta. Ní tharlaíonn roinnt imeachtaí ach uair amháin i rith an tsaoil ach déantar cuimhneamh orthu agus déantar iad a cheiliúradh gach bliain. Ag na hócáidí ceiliúrtha seo is minic a roinnimid béile, tugaimid bronntanais agus gabhaimid buíochas. Ag an Aifreann, gabhaimid buíochas le Dia as gach rud a rinne sé dúinn. Cuimhnímid ar an méid a rinne Íosa ag an Suipéar Déanach nuair a nigh sé cosa a dheisceabal agus nuair a thug sé a Chorp agus a Fhuil dóibh mar bhronntanas. Gach uair a théimid ar Aifreann, tugtar cuireadh dúinn freisin Corp Chríost a ghlacadh. Tugtar an Eocairist ar an Aifreann freisin, focal a chiallaíonn buíochas.

- Cad air a gcuimhnímid ag an Aifreann?
- Cén fáth gur íobairt atá san Aifreann?
- Cén fáth a ngabhaimid buíochas le hÍosa?
- Cad atá ag tarlú sna pictiúir thíos?





Seo cuid de na focail a ghuíonn an sagart ag an Aifreann agus an Phaidir Eocairisteach á rá aige:

### LE MEABHRÚ

*Paidir ag cur fáilte roimh Íosa*  
A Thiarna Íosa, gráim agus  
adhraim thú.

Is tú mo chara dílis.  
Fáilte romhat, a Thiarna Íosa.  
Go raibh maith agat as teacht  
chugam.

*Paidir ag gabháil buíochais le  
hÍosa*

Go raibh maith agat, a Thiarna  
Íosa,  
As ucht tú féin a thabhairt  
dom.  
Cabhraigh liom do ghrá a  
léiriú  
Cibé áit a mbím.

Nuair a bhí sé á thabhairt suas chun na Páise dá dheoin  
féin,  
ghlac sé an t-arán, agus ag gabháil buíochais leat, bhris,  
agus thug dá dheisceabail é, á rá:

GLACAIGÍ AGUS ITHIGÍ UILE AS SEO:  
ÓIR IS É SEO MO CHORP  
A THABHARFAR AR BHUR SON.

Ar an gcaoi chéanna, tar éis an tsuipéir,  
ag glacadh na cailíse,  
agus ag gabháil buíochais leat arís,  
thug sé dá dheisceabail í, á rá:

GLACAIGÍ AGUS ÓLAIGÍ UILE AISTI SEO:  
ÓIR IS Í SEO CAILÍS MO CHUID FOLA,  
FUIL AN NUATHIOMNA SHÍORAÍ.  
DOIRTFEAR Í AR BHUR SON  
AGUS AR SON MÓRÁIN  
CHUN MAITHIÚNAS NA BPEACAÍ.

DÉANAIGÍ É SEO I GCUIMHNE ORMSA.

## ARBH EOL DUIT?

Tugtar an Eocairist ar an Aifreann freisin. Is focal é a chiallaíonn buíochas.

## AGA LE CHÉILE

**Bígí ag caint**

Maidir le hócáidí teaghlaigh nuair a bhailíonn sibh le chéile, ag cuimhneamh agus ag ceiliúradh. B'fhéidir go bhfuil roinnt grianghraf agaibh a chabhróidh libh cuimhneamh a dhéanamh ar cheiliúradh teaghlaigh. Bígí ag caint faoi na hócáidí sin. Tugaigí chun cuimhneamh na rudaí go léir gur féidir le do theaghlach a bheith buíoch astu.

**Cuireadh chun guí**

A Thiarna Íosa, gabhaimid buíochas leat as tú féin a thabhairt dúinn mar bhronntanas sa Chomaoineach Naofa. Gabhaimid buíochas leat as bheith linn inár saol gach lá agus sa tSacraimint Bheannaithe. Cabhraigh linn ár muinín ar fad a chur ionat anois agus i gcónaí. Iarraimid é seo trí chumhacht an Spioraid Naoimh. Áiméan.

**Bí buíoch**

Déan liosta de na rudaí go léir a bhfuil do theaghlach buíoch astu. Ar mhaith leat buíochas a ghabháil le Dia as aon cheann de na rudaí seo? Cé eile ar mhaith leat buíochas a ghabháil leo?

**AN TSEACHTAIN SEO**

Smaoinigh na páistí ar na hamanna ina saol a bhraitheann siad buíoch. Nuair a bhailíonn daoine ag an Aifreann, gabhann siad buíochas le Dia as gach rud a rinne sé dóibh. Tugann siad chun cuimhne an méid a rinne Íosa ag an Suipéar Déanach nuair a nigh sé cosa a dheisceabal agus nuair a thug sé a Chorp agus a Fhuil dóibh mar bhronntanas. Dúirt sé leo an méid a rinne sé a dhéanamh arís i gcuimhne air.

Léigí an dán seo le chéile.

**Cuimhnígí**

Cuimhnígí go deo ar an méid a dúirt Íosa Is na cupáin á líonadh 'gus an t-arán á bhriseadh. 'Cuimhnígí', ar sé, 'ag ól chailís m'Fhola, Déanaigí é i gcuimhne ormsa!' Cuimhnígí 'gus sibh bailithe le pobal Dé 'S an abhlann shárnaofa daoibh a thug Sé, Agus iomainn á gcanadh agaibh go léir, Déanaigí é i gcuimhne Air.

An chéad uair eile a thugann tú cuairt ar an séipéal, cuimhnigh go bhfuil Íosa Aiséirithe i láthair sa tSacraimint Bheannaithe, a choimeádtar sa taibearnacal. Is féidir leat guí chuige agus buíochas a ghabháil leis as na bronntanais uile a thug sé duit féin agus do do theaghlach. Uaireanta, cuirtear an tSacraimint Bheannaithe ar taispeáint san oisteansóir agus fágtar ar an altóir í ionas gur féidir le daoine teacht agus guí a dhéanamh. Tugtar urnaí adhartha air seo.

